

Oirthear na hEorpa 1989 – 2010

*Scór blian ó shin, thit an tóin as an gcumannachas in Oirthear na hEorpa. Córas forchumhachtach a bhí a bhfeidhm ón dara cogadh domhanda i leith, scuabadh chun siúil i i bhfathadh na súl. Ach má scuabadh féin, is gearr an t-achar scór blian, agus ní thar oíche is féidir an préamh a chartadh. Cén saol atá taobh thoir de Bheirlin, de Vienna agus de Lubljana faoi láthair más ea? Le **Diarmuid Johnson**.*

Daonlathas agus Ciarlathas

In oirthear na hEorpa ó 1989 i leith, bíonn dhá cheist mhóra ag múnú an chaidrimh idir na daoine ina gcuid tíortha féin agus sna tíortha is gaire dóibh. Ar an gcéad dul síos tá an iomaíocht idir an daonlathas agus modhanna eile rialtais agus ceannasaíochta, agus ar an dara dul síos tá ceisteanna a bhaineann le cúrsaí teorann agus limistéir. Féachaimis cúrsaí rialtais ar dtús.

Tá dhá mhodh rialtais ann in oirthear na hEorpa fós nach bhfuil an-chosúil leis an daonlathas. An cumannachas agus an oidhreacht atá air, sin agus tionchar na n-institiúidí eaglasta. Bíodh 's gur dhá rud ar leith iad sin, tá cosúlachtaí eatarthu. Tá claonadh láidir sa dá thraidisiún ar an aontas tuairime agus ar an umhlaíocht aigne. Sa dá chás is minice ná a mhalairt a bhíonn ceannaire láidir i réim. Agus is minice ná a mhalairt cosc nó leathchosc ar easaontas agus ar easumhlaíocht. Tá a leithéid seo le sonrú ar an bPolainn, ar an Rómáin, ar Phoblacht na Moldóive agus ar an gCróit, cuir i gcás.

Sa bPolainn is soiléire an choimhlint idir córas an stáit agus córas na heaglaise. Tá an dá ní fite fuaithe ina chéile. Ní tharlaíonn sin ach i dtír ina mbíonn na daoine ar aon chreideamh amháin. Sa bPolainn is den chreideamh Caitliceach cách nach mór. Fós féin, tá idirdhealú le déanamh. Formhór na gCaitliceach sa Pholainn, is den chineál measartha iad. Tá mionlach ann áfach atá ultra-Chaitliceach. Ní mian leis an mionlach ultra-Chaitliceach géilleadh do riail na tuaithe. Cuireann siad riail Dé chun cinn.

Le tamall e bhlianta anuas, tá cogadh ann idir an dá Pholainn: lucht an PO (Platform Obywatelstwo – Ardán na Saoránach), is é sin páirtí an Phríomh-Aire Tusk agus an Uachtarán Komorowski ar thaobh amháin, agus ar an taobh eile lucht an PiS (Prawo i Sprawiedliwość – An Ceart agus An Chóir), páirtí Jarosław Kaczyński. Is mian le Jarosław mairtíreach agus naomh a dhéanamh dá dheartháir Lech a maraíodh i dtimpist eitleáin i Smoleńsk na Bialarúise mí Aibreáin seo caite. Cuireadh Lech Kaczyński i Wawel i dtuamba na seanlaochra. Dhiúltaigh Jarosław Kaczyński freastal ar shearmanas insealbhair An Uachtarán Bronisław Komorowski. Cuireadh crois taobh amuigh d'Áras an Uachtarán in ómós don uachtarán nach maireann le teampall a dhéanamh d'oifigí riaracháin urlabhraí stáit.

Deachtóireacht i Minsk

Tá tír ar cholbha na hEorpa atá faoi dheachtóireacht. Is í an Bhealarúis an tír sin, agus is é Viktor Loukachenko atá i gceannas ann. Toghadh ina uachtarán é 1994, agus athoghadh faoi dhó ó shin é (2001, 2006). I 2006 fuair Loukachenko 82.6% den vóta. Agus bíodh 's go bhfuil cuid den tír míshásta leis anois, agus mífhoighid ar an Rúis leis, de bharr an freasúra a bheith múchta aige, is ceist mhór a bhfuil ábhar comharba air sa tír. Níl fonn ar Loukachenko scaoileadh lena ghreim. Go deimhin, deir sé gurb é a mhac Victor a thiocfaidh i gcomharbacht air in am trátha. Cleachtann Loukachenko an láimh láidir in aghaidh lucht a cháinte de réir mar a fheileann dó. I 1997, in agallamh le *Newsweek* na Gearmáine, mhol sé Adolf Hitler as ucht na físe a bhí aige.

I bPoblacht na Moldóive chomh maith, is ag siúl ar an tanaí atá an daonlathas. Is é an Páirtí Cumannach a bhí i réim ó 2001 go dtí 2009. I mí Aibreáin 2009 bhí olltoghchán ann. D'éirigh leis na cumannaigh arís. Ach bhí an toradh idir dhá cheann na meá, agus mhaígh lucht tacaíochta an fhreasúra gur bréag a bhí ann. Bhailigh na sluaite taobh amuigh de theach na Parlaimint i Chisnau. Réabadh an foirgneamh agus cuireadh trí thine é. Ghabh na póilíní na céadta. Bualadh go dona iad agus maraíodh triúr. Ach is beag trácht ar fad taobh amuigh den Mholdáiv agus den Rómáin a bhí ar an scliúchas. Lá na réabhlóide, dúnadh an teorainn idir an Mholdáiv agus an Rómáin. Bhí cosc ar eolas.

Tá Poblacht na Moldóive gan uachtarán ó shin. Mí Iúil 2009, tháinig comhrialtas cheithre pháirtí i gcumhacht sa tír is boichte san Eoraip agus Vlad Filat ina Phríomh-Aire uirthi, ach theip orthu cinnire stáit a thoghadh. De réir an bhunreachta, teastaíonn vótaí 60% de na feisirí leis sin a dhéanamh. Agus tá beagnach 50% díobh ag an bPáirtí Cumannach fós. Gairmeadh reifreann poiblí le huachtarán a roghnú. Lá an reifrinn, an 5ú Meán Fómhair seo caite, níor vótáil ach 30% den phobal. Dé réir an bhunreachta, caithfidh trian den phobal a bheith páirteach i reifreann má tá toradh dlisteanach le bheith air. Ní raibh sin.

Forás na Cinsireachta

Ní sa Bhialarúis agus i bPoblacht na Moldóive amháin atá modhanna mídhaonlathacha rialtais á gcleachtadh. Ní mhaireann Ceaucescu sa Rómáin. Ach tá cinsireacht agus mí-chaothúlacht á gcleachtadh sa tír. Sa tuarascáil 'GoodBye to Freedom' maidir le saoirse cainte sna meáin scríofa san Eoraip, rud a d'fhoilsigh an Association des Journalistes Européens i 2008, dúradh an méid seo a leanas: 'Tá an-easpa saoirse pholaitiúil ar na hollmheáin sa Rómáin...bíonn amhras á chaitheamh ar dhaoine sinseartha sa saol poiblí faoi thionchar a imirt ar na meáin ar mhaithe leo féin, nó ar mhaithe le feachtas a stiúru a chuirfidh droch-cháil ar dhaoine atá ina n-aghaidh...Is minic gan bunús leis na tuairiscí, agus bíonn claonadh láidir ann chun áibhéile agus chun beag-is-fiú a dhéanamh de na hábhair díospoireachta'. Ó 2008 ó leith is chun donais atá an scéal ag dul.

Ceisteanna Teorann

Más í ceist an chliarlathais atá ag cur ar an bPolainn lenár linn féin, is í ceist na teorann a bhí ag dó na geirbe don Chróit go dtí Mí Mheithimh na bliana seo. Ar an 6ú lá den mhí sin, bhí reifreann sa tSlóivéin: ghlac muintir na tíre sin le coinníollacha teorann a bhfuil glacadh ag an gCróit leo freisin. Dá bharr sin, tá gach cosúlacht ar an scéal go nglacfar le ballraíocht na Cróite in Aontas na hEorpa sa mbliain 2012. Beidh ceist na teorann réitithe. Ní mórán de limistéar ceachtar den dá thír a bhí i gceist. Ach ba leor é le srian a chur ar mhéadú an Aontais Eorpaigh. Is iad na 37 ciliméadar muirbhígh idir an Iodáil agus an Chróit an t-ábhar easaontais a bhí ann. Is leis an tSlóivéin an chuid sin den chósta, agus dá laghad é is geata é go dtí na farraigí idirnáisiúnta ó dheas. Sa reifreann a bhí ann mí Mheithimh, caitheadh 51.48% de na vótaí ar son an rúin. De réir sin, is trí idirghabháil neamhspleách idirnáisiúnta a shocrófar an teorainn go beacht anois.

An caolas 37 ciliméadar sin, tá sé ar cheann de dhá áit ar chósta na hIar-lúgasláive a bhfuil scoilt ann. In aice le Dubrovnik i bhfiordheisceart na Cróite atá an dara háit. Oileán talún atá sa stráice ar a bhfuil Dubrovnik. Is le Boisnia 8 gciliméadar den chósta idir sin agus an chuid eile de chríocha na Cróite, rud is ionann agus cósta Liatroma. Is léir gur mísheasmhach an socrú atá ansin, agus tá an baol ann go gcuirfear d'ing sa scoilt amach anseo.

Ní hiad an Chróit agus an tSlóivéin an t-aon dá limistéar san Iar-lúgosláv a bhfuil cúrsaí teorann agus limistéar na náisiún ina gcnámh spairne. Is amhlaidh atá idir an tSeirb agus Kosovó. I 2008, d'fhógair Kosovó a cuid neamhspleáchais. Ní ghéilleann an tSeirb don fhógra. (Ná tíortha go leor eile, An Spáinn, An Ghréig agus an Rómáin ina measc.) Ach ós mian leis an tSeirb a bheith ina ball den Aontas, caitheadh sí ceist na teorann a réiteach. Ar an 25 Meán Fómhair más ea, le linn chruinniú mullaigh na Náisiún Aontaithe, dúirt Uachtarán na Seirbe Boris Tadic go bhfuil an tír réidh chun cainte le Kosovó. Arsa Tadic: 'beidh dea-thoil ag teastáil agus iontaoibh idir an dá thaobh.' Is céim mhór an méid sin féin. Faoi mar atá naofacht i gceist le suíomhanna faoi leith sa Pholainn – tuamba Wawel cuir i gcás – tá naofacht talún i gceist sa tSeirb. Níl áit is naofa i stair na Seirbe ná Machaire na Lon i gKosovó. Sa mbliain 1389, is ann a rinne ridirí na Seirbe sléacht ar arm ollmhór ón Tuirc. B'ionann scaoileadh leis sin anois, agus athrú bunreacht in Éirinn le tuaisceart Laighean a athcheangal leis an Ríocht Aontaithe!

Tá trí choinníoll ag an tSeirb leis an gcríoch-ghéilleadh atá á bheartú. Flaithiúnas na mainistreacha Seirbeacha ar thalamh Khosovó a bheith slán. Stadas ar leith a bheith ag muintir na Seirbe ó dheas d'abhainn an Ibar. Agus glacadh *de facto* leis an *status quo* i bhfiorthuaisceart Khosovó. Is fadhb atá sa tríú coinníoll. Is Seirbigh atá i dtromlach na ndaoine i mbaile Mitrovica agus sa gceantar máguaird. Ach tá an próiseas tosaithe, agus dlús á chur leis ó sheas Meiriceá le stadas Khosovó mí lúil seo caite. Is éard a dúirt Leas-Uachtarán na Stát Aontaithe Joe Biden ar an 21ú den mhí sin go bhfuil tacaíocht ann ó Mheiriceá don Khosovó a bheadh 'neamhspleách, daonlathach, aontaithe agus ilchiníoch'.

Ní hí deighilt na gcríoch idir an tSeirb agus Kosovó an t-aon fhadhb teorann atá ag rialtas Bhéalgrád. Tá teorainn ag an tSeirb le Montenegro chomh maith. Mí Aibreáin seo caite, i gcúirteanna na Seirbe, ciontaíodh Darko Saric maraon le naonar déag eile in iompar agus i ndáileadh méideanna móra cócaoin sa tSeirb, in iarthar na hEorpa agus i Meiriceá Theas. Is é an ceangal idir Darko Saric agus Meiriceá Theas a chuir an seabhac i measc na mionéan. Is ón *Drug Enforcement Administration* (DEA) i Meiriceá a tháinig an t-eolas maidir le comhoibriú idir buíonta drugaí Montenegro agus reibiliúnaithe an Farc sa Cholóm. Tuigtear anois gur trí chalahd Bar ar chósta Montenegro a thagann cócaon Mheiriceá Theas i dtír san Eoraip. Rud is measa ná sin, tá polaiteoirí sinsearacha i Montenegro sáite sa scéim, agus oifigigh go leor ar dhá thaobh na teorann. Ní buntáiste d'iaratas a Seirbe ar bhallraíocht in Aontas na hEorpa luach dhá bhiliún Euro (2,000,000,000) de dhrugaí a bheith á scaipeadh trí infrastruchtúr na tíre in aghaidh na bliana.

An Teorainn Stáit agus an Limistéir Teangan

Ní hionann cúrsaí teorann nuair atá stát i gceist agus cúrsaí teorann nuair is teanga atá i gceist. In iarthar na hEorpa, cé nach bhfuil na stáit ar fad ar chomhlimistéir lena gcuid teangacha dúchais, is beag difríocht idir an dá limistéir i bhformhór na gcásanna. Maidir le hoirthear na hEorpa, is iomaí teanga a bhfuil limistéir níos fairsinge i gceist léi ná limistéir an stáit lena mbaineann sí.

I gcás na Rómáinise, na hUngáirise, na Polannaise, cuir i gcás, tá pobail mhóra de lucht a labhartha lonnaithe taobh thoir den teorainn atá leis an trí thír sin sa lá atá inniu ann. Ní hiontas sin. Toradh amháin a bhí ar an dá chogadh domhanda gur brúdh teorainn na dtíortha sin siar roinnt céadta ciliméadar. De bharr na n-athruithe sin, cuireadh na milliún daoine ó sheilbh a gcuid tithe agus a gcuid talún: Polannaigh na hÚcráine agus Gearmáinigh na Siléise agus na hOir-Phrúise, cuir i gcás. Ach má cuireadh féin, i gcásanna go leor, cás na Polannaise i gcríocha na Bealarúise, nó cás na hUngáirise i gcríocha na Rómáine tar éis chonradh Trianon i 1921, shéan cuid de na daoine an t-athlonnú ionas gur mhair an teanga san iasacht.

Níl tír is fearr ná an Rómáin a thabharfas léargas dúinn ar na cúrsaí seo. Lenár linn féin, tá trí theanga á labhairt ann, mar atá an Rómáinis féin, an Ungáiris, agus an Ghearmáinis. Sa leabhar *Der vergessene Weg*, déanann W.A. Baumgärtner cur síos ar theacht na Gearmáinise go dtí críocha na Trasalváine aimsir chogaí na croise 12ú agus sa 13ú haois. Faoin mbliain 1223 b'ann do Hermannstadt (Sibiu). Tá Gearmáinis ar an mbaile sin fós, agus is de phobal Gearmánach na Rómáine i mBanatu Gerta Müller, an té ar bronnadh duais Nobel na hÉigse uirthi i 2009.

Tá comparáid spéisiúil á déanamh in oirthear na hEorpa le blianta beaga anuas idir an Trasalváin agus Kosovó. Maidir le lucht labhartha na hUngáirise sa Rómáin, tá pobal láidir díobh i gcathair Oradea ar an teorainn. Tá pobail eile i mBúcairist ó dheas agus in oirthuaisceart na tíre i dtreo na Moldáive. Ach is sa Transalváin is líonmhaire dóibh. Sa dá chontas Covasna agus Harghita, cuir i gcás, is de lucht labhartha na hUngáirise tromlach an daonra. Tá oideachas trí mheán na hUngáirise acu, maraon le páirtí polaitiúil an UDMR (Aontas Daonlathach Phobal Magyar na Romáine) a bhfuil teachtaí dá chuid sa pharlaimint i mBúcairist ó dheireadh ré na gCumannach i leith. Nuair atá 15% de vóta na tíre ag páirtí ultra-náisiúnach an Jobbik san Ungáir, agus athghabháil na seanchríocha, an Trasalváin ina measc, ar cheann dá chuid cuspóirí, is léir más ea cén fáth ar thug Budapest aitheantas do neamhspleáchas Khosovó, agus cén fáth nár ghéill Bucharest dó.

Scéal Na Cróite – ó Bhleiburg go dtí an Bhruiséil

Thar tír ar bith san Eoraip b'fhéidir, An Pholainn féin san áireamh, is iad na Cróitigh is mó a d'fhulaing sa bhfichiú aois. Ach oiread leis an bPolainn, is Slavaigh de chreideamh Caitliceach na Róimhe atá sna Cróitigh. Ach oiread leis na Polannaigh, tá dhá chrann aitheantais acu: an creideamh agus an teanga.

I stair na Cróite, is ionann an ghráin atá ar an bhfocal Bleiburg i Zagheb agus an ghráin atá in Éirinn ar an sloinne Cromall. I 1945, agus na *partisans* Cumannacha ag brú aneas faoi cheannas Tito, theith 700,000 míle duine de bhunadh na Cróite ó thuaidh i dtreo na hOstaire, áit a raibh réigiún Kärnten faoi smacht ag na Comhghuaillithe. Níor éirigh ach leis an gcúigiú cuid díobh éalú trí eangach na Seirbeach suas tríd an tSlóivéin chomh fada le háit láimh le Klagenfurt a dtugtar Bleiburg air. Bhí fórsaí na Breataine ansin rompu. Ach in áit dídean a tabhairt do na teifigh, bhain na Breatnaigh a gcuid gunnaí de na saighdiúirí, agus chuir siad an slua ar fad ar ais thar teorainn. Rinne lucht leanúna Tito sléacht orthu. Tá taisí na marbh, os cionn 50,000 duine, i dtrí uaigh ollmhóra mar atá in Tezna in aice le Maribor agus in Kočevski Rog sa tSlóivéin, agus i Maceljaska Gora in aice le Krapina sa Chróit. Cuireadh na scórtha mílte eile i bhfad ó dheas de shiúl na gcós go bhfuair siad bás le hocras agus le traochadh.

An cogadh cathartha a bhí san Iúgosláv i ndeireadh na naochaidí, is buille ar an gcuaille comhraic céanna a bhí ann. Sin í an oidhreacht a bhfuil an Chróit ag iarraidh teacht slán uaithi i dtearmann an Aontais Eorpaigh.

Flaithiúnas nó Cónaidhm?

In iarthar na hEorpa, is é an teannas idir cúrsaí stáit agus an saol corparáideach is cúis le cuid amháin de dhioscúrsa na linne. Cuid eile den dioscúrsa céanna is ea an mhíchothromaíocht idir an tionsclaíocht agus an tomhaltóireacht: is mó a chaitheann muid ná a thuilleann muid, agus is mó a chaitheann muid ná a thionsclaíonn muid. Tá sin i gceist san oirthear chomh maith, ach níl ann ach mar a bheadh cúl ar an abhainn. Is idir dhá uisce atá an tarraingt mhór. Ar bhealach, ní comparáid idir thoir agus thiar atá le déanamh, ach comparáid idir dhá ré. Cuid d'imeachtaí na staire atá le lua leis an tréimhse 1870 go dtí 1940 in iarthar na hEorpa – an chríochdheighilt, an deighilt idir an eaglais agus an stát, agus an deighilt cumhachta idir móraimh agus mionlach – is rudaí iad atá ag tarlú céad bliain dar gcionn taobh thoir den líne ó Gdańsk go dtí An Veinéis.

Tá dhá ní eile soiléir go leor. Ar an gcéad dul síos, nuair a lean forchumhacht an chumannachais an t-athlonnú agus an díothú a tharla le linn an dara cogadh domhanda, níor chneasaigh créachta na mblianta 1939-1945 chomh mór agus a chneasaigh siad san iarthar. Sa Pholainn sa lá atá inniu ann, déarfadh daoine leat gurbh as an Úcráin dá muintir. Thuig mé ar deireadh gurb éard is ciall leis sin go minic nach eol dóibh cén paróiste ná cén contae arbh as dóibh, agus nach eol dóibh go minic cén bás a fuair siad ná cén áit ar cuireadh iad. Is *trauma* náisiúnta an toradh atá air sin.

An dara rud atá soiléir nach bhfuil tír mhór láidir ar bith in oirthear na hEorpa. Sin folús nár líonadh ó baineadh impireacht na hOstaire agus na hUngáire as a chéile. Rud eile, bhí tír mhór láidir ann thiar – An Ghearmáin – a bhí sásta leas na gcomharsan a dhéanamh le dhá scór blian anuas. Níl a leithéid thoir.

Thairis sin, tá tábhacht mhór le cuid de na ceisteanna céanna thoir agus thiar. Flaithiúnas nó cónaidhm, ach go háirithe. D'oscail an Eoraip í féin ó thaobh na heacnamaíochta le scór blian anuas. Tá Conradh Schengen ann. Tá cead oibre ar fud an Aontais ag saoránaigh na mballstát. Ach ní móide gur tharla oscailt chomh mór ó thaobh tuiscint na mballstát ar stair agus ar chultúr a chéile. Agus nuair is lag don eacnamaíocht faoi láthair, is lag don Aontas féin. Conradh idir sean-naimhde a chuir Aontas na hEorpa ar an saol. Bhí cuspóir an-bhunúsach leis: síocháin. Níl baol cogaidh ann faoi láthair san Eoraip, ach tá fuíoll forchumhachta ann – agus ní dóigh gur san oirthear amháin é – rud nach dea-thuar é do shliocht ár sleachta.